



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation

Ráiteas faoi Ráiteas Bainistíochta Speictrim Raidió 2022 – 2024

Bainistiú speictrim in Éirinn

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí agus as speictream raidió na hÉireann a bhainistiú. Is acmhainn theoranta luachmhar náisiúnta é an speictream raidió atá le brath i ngach réimse cumarsáide, lena n-áirítear: raidió, teilifís, móibíleach (guth agus sonraí), aerloingseoireacht / loingseoireacht mhuirí agus cumarsáid satailíte.

Is é atá i gceist le bainistiú speictrim raidió breithniú cúramach a dhéanamh ar raon leathan fachtóirí chun a chinntiú go n-úsáidfear go héifeachtúil é. Leagann ComReg straitéis bainistíochta an speictrim raidió amach go rialta agus tugann sé cothrom le dáta í. Clúdaíonn Ráiteas Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió reatha ComReg 2022-2024.



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation

An tábhacht a bhaineann leis an speictream raidió



Tacaíonn speictream raidió le gníomhaíocht eacnamaíoch ar fud an gheilleagair ar fad.

Nuair a bhreathnaítear ar na héifeachtaí measartha iolraitheora, measann ComReg go gcuireann úsáid an speictrim raidió:



€7.2 Billiún
le geilleagar na hÉireann.



Cuireann speictream raidió go mór leis an bhfostaíocht. Sa bhliain 2019, bunaithe ar mheastachán coimeádach, bhí thart ar:

19,000

fostaí in Éirinn a raibh a bpoist ag brath go díreach ar úsáid an speictrim raidió.



Cuireann speictream raidió buntáistí suntasacha sóisialta ar fáil freisin. Mar shampla, bíonn na seirbhísí éigeandála ag braith ar chumarsáid soghluaiste iontaofa le go bhféadfaidh siad feidhmiú go héifeachtach agus tá ról tábhachtach ag an speictream ó thaobh cur ar chumas Óglaigh na hÉireann a chuid dualgas a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear.



Cumasaíonn speictream raidió úsáid a bhaint as raon leathan feidhmeanna gnó agus tomhaltóirí a chuireann lenár saol laethúil go léir.



Cluasáin gan sreang



Íocaíocht gan teagmháil



Rialaitheoir Gan Sreang



GPS



Ladrainn



Wi-fi

Iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn

Is gá go ndéanfaí bainistiú éifeachtúil ar acmhainní an speictrim raidió náisiúnta chun iomaíocht a éascú, nascacht a fheabhsú agus infheistiú éifeachtúil a chur chun cinn, ag cur san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag sannadh agus ag leithdháileadh na n-ionchur sin ar mhargaí iartheachacha.

Ina Ráiteas Straitéise um Chumarsáid Leictreonach 2021 go 2023 (Doiciméad 21/70), leag ComReg amach a rúin straitéiseacha agus na spriocanna is bonn leis na rúin sin. Seo a leanas cuid de na spriocanna a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo maidir le bainistiú na hacmhainne speictrim raidió ag ComReg.

Príomhspríocanna ComReg



- Éascaíonn an bhainistíocht ar speictrim agus ar uimhreacha an iomaíocht, feabhsaíonn sé nascacht agus cuireann sé infheistíocht éifeachtúil chun cinn.
- Aithníonn agus tuigeann ComReg díobhálacha do thomhaltóirí.
- Cuireann ComReg leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus foghlaimíonn sé uaidh.

Plean oibre don Speictream Raidió don tréimhse 2022-2024

Tá sé mar aidhm ag ComReg a ualach oibre a bhainistiú ar bhealach a fhéachann le dul i ngleic leis na riachtanais atá ag raon ilghnéitheach de pháirtithe leasmhara. Áireofar na nithe seo a leanas i bplean oibre ComReg mar a bhaineann leis an mbainistíocht don tréimhse 2022-24:

- Feidhmeanna Bainistíochta Speictrim Cláir
- Líonraí Cumarsáide Soghluaiste Seasta
- Seirbhísí Craolacháin
- Cinntí an CE maidir le Comhoiriúnú
- Seirbhísí Seasta Trastíre
- Gléasanna Gearr-Raoin atá Díolmhaithe ó Cheadúnas
- Seirbhísí Satailíte
- Seirbhísí Raidió Soghluaiste Príobháideacha
- Seirbhísí Amaitéaracha Raidió
- Córais Aerárthaí gan Foireann
- Seirbhísí Aerloingseoireachta agus Eolaíochta
- Úsáid as Speictream ag Óglaigh na hÉireann

Tosca a chuireann bonn eolais faoi phlean oibre ComReg do 2022 go 2024

Bíonn tionchar ag réimse leathan toisca ar an éileamh a bhíonn ar speictream raidió agus ar sholáthar an speictrim raidió, lena n-áirítear éileamh na n-úsáideoirí deiridh, athruithe nó dul chun cinn sa teicneolaíocht, an comhoiriúnú idirnáisiúnta ar an speictream raidió, agus beartais ábhartha náisiúnta nó idirnáisiúnta.

Comhchuibhiú idirnáisiúnta ar speictream raidió



Tá ról lárnach ag comhchuibhiú idirnáisiúnta maidir leis an éileamh ar speictream raidió agus soláthar an speictrim sin a chinneadh. Is iad comhlachtaí idirnáisiúnta a shocraíonn bearta comhchuibhithe speictrim raidió, lena n-áirítear an ITU, CEPT agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Éileamh ón úsáideoir deiridh



Leanann éileamh ón úsáideoir deiridh ar shonraí móibíleacha ag fás go tapa. Táthar ag súil le héileamh láidir leanúnach ar shonraí móibíleacha le linn na tréimhse straitéise seo.

Athruithe agus dul chun cinn sa teicneolaíocht



D'fhéadfadh athruithe agus dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar éileamh agus ar sholáthar an speictrim raidió. Is iomaí cineál dul chun cinn teicneolaíochta atá ann, lena n-áirítear feabhas ar theicnící modhnóireachta nó comhroinnte, agus an cumas a bheith ag seirbhís amháin bandaí speictrim iolracha a úsáid ag an am céanna agus úsáid á bhaint comhiomlánú iompróra.

Ceadúnais a rachaidh in éag go luath



Sa chás go bhfuil cearta úsáide speictrim le dul in éag go luath amach anseo, leagann ComReg amach a mholtaí tamall maith roimh ré. Tá roinnt ceadúnas ann a rachaidh in éag sna 5 bliana amach romhainn.

Earnáil an ECS agus an t-athrú aeráide



Tá níos mó feasachta ann i dtaobh an bhaint atá ag earnáil an ECS leis an athrú aeráide agus tá níos mó aird á thabhairt air. Leag an Coimisiún Eorpach béim ar a thábhachtaí atá earnáil dhigiteach inbhuanaithe agus déanfaidh sé a mhachnamh ar bhearta a d'fheabhsódh feidhmíocht an gheilleagair chiorclaigh san earnáil dhigiteach, chomh maith lena éifeachtúlacht fuinnimh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na míreanna oibre a bhaineann leis na réimsí seo, féach:

Ráiteas Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió
ComReg 2022 go 2024 (Doiciméad 21/136)

<https://www.comreg.ie/about/strategy/radio/>



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide **Commission for Communications Regulation**

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna,
BÁC 1, Éire, D01 E4X0.

One Dockland Central, Guild Street,
Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil Tel	+353 1 804 9600
Rphost Email	marketframeworkconsult@comreg.ie
Suíomh Website	www.comreg.ie